An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Cigireacht Leantach

Tuairisc

Ainm na scoile/ School name	S N Rae Na nDoirí
Seoladh na scoile/ School address	Rae Na Ndoiri Maigh Chromtha Co Chorcaí
Uimhir rolla / Roll number	14993C

Dáta na Meastóireachta: 27-10-2017

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

This report is written in Irish. An English translation of the report is provided at the end of the report.

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil ag deireadh na tuairisce.

CAD IS MEASTÓIREACHT LEANTACH ANN?

Déanann cigireachtaí leantacha meastóireacht ar an dul chun cinn atá déanta ag scoil i gcur i bhfeidhm na bpríomhmholtaí a rinneadh i gcigireacht roimhe sin, seachas meastóireacht ar an soláthar oideachais foriomlán a dhéanann an scoil. Cuireann cigirí comhairle ar an scoil freisin maidir le straitéisí agus gníomhartha chun cur ar a gcumas déileáil go hiomlán le moltaí.

1 CONAS AN TUAIRISC SEO A LÉAMH

Le linn na cigireachta seo, rinne an Cigire meastóireacht ar an dul chun cinn atá déanta ag scoil i gcur i bhfeidhm na bpríomhmholtaí a rinneadh i gcigireacht roimhe sin faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. An dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo
2. Cinntí
3. Moltaí

Tugann cigirí cur síos ar cháilíocht an dul chun cinn a rinneadh i ngach ceann de na réimsí sin ag baint úsáide as contanam cáilíochta leanúna na Cigireachta a thaispeántar ar an leathanach deiridh den tuairisc seo. Míníonn an contanam cáilíochta leanúna na téarmaí a úsáideann cigirí agus meastóireacht á dhéanamh acu ar dhul chun cinn na scoile i gcur i bhfeidhm moltaí. *Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.*

Cigireacht Leantach

SONRAÍ NA CIGIREACHTA BUNAIDH **Cineál: MSU-BCF** **Dáta na Cigireachta: .14-04-2015** **Ar Foilsíodh an Tuairisc? Foilsíodh**	**SONRAÍ NA CIGIREACHTA LEANTAÍ** **Dáta na Cigireachta: 27-10-2017**

Gníomhaíochaí cigireachtaí leantaí

Tharla na gníomhaíochtaí seo a leanas le linn na cigireachta leantaí

- Cruinniú leis an bPríomhoide
- Agallamh le múinteoirí
- Taifead ar cháipéisí agus taifid scoile agus ar obair na ndaltaí
- Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim

Moladh a rinneadh sa tuairisc cigireachta bhunaidh	**Dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo i gcur i bhfeidhm an mholta**
Moltar íosmhéid líon cruinnithe an bhoird bainistíochta a thionóil agus na cuntais airgeadais a dheimhniú go neamhspleách.	**Dul chun cinn an-mhaith** Léiríonn iniúchadh ar mhiontuairiscí an bhoird bainistíochta go bhfuil sé ag comhlíonadh íosmhéid na gcruinnithe in aghaidh na bliana anois. Bhí deimhniú neamhspleách á dhéanamh ar chuntais an bhoird ar dháta na cigireachta leantaí seo.
B'fhiú an dea-chleachtas a breathnaíodh i gceachtanna áirithe maidir le foghlaim ghníomhach a leathnú a thuilleadh.	**Dul chun cinn i bpáirt** Tá roinnt dul chun cinn déanta maidir le foghlaim ghníomhach a leathnú ar fud an churaclaim. Tugtar deiseanna níos rialta anois do dhaltaí obair i mbeirteanna agus i ngrúpaí agus tuairimí a chíoradh. Cé go bhfuil dul chun cinn i bpáirt déanta, tá scóip ann do bhreis oibre ar obair fhiosrúcháin agus inláimhsithe.
Ba chóir straitéisí a fhorbairt chun breis forbartha a dhéanamh maidir le gnóthachtáil daltaí i litheartha cht na Gaeilge agus dúshlán bhreise a thabhairt do dhaltaí áirithe sa Bhéarla agus sa Mhatamaic.	**Dul chun cinn maith** Tá dúshlán níos saibhre a sholáthar do dhaltaí ina gcuid foghlama anois. Tá béim níos lú ar théacsleabhair agus leabhair saothair a úsáid. Tugtar deiseanna níos rialta dóibh dul i mbun plé agus cainte. Tá scóip ann téacsanna léitheoireachta níos saibhre a úsáid agus deiseanna a sholáthar do dhaltaí na próisis mhatamaitice a phlé agus a mhíniú.
Moltar tuismitheoirí a spreagadh chun cumann tuismitheoirí a bhunú sa scoil. Moltar, chomh maith, deiseanna breise a sholáthair dóibh ionchur a bheith acu i bhforbairt polasaithe.	**Dul chun cinn i bpáirt** Thuairiscigh an príomhoide gur moladh do thuismitheoirí cumann tuismitheoirí a bhunú chun tacú leis an scoil. Níl cumann bunaithe go dáta. Cuirtear polasaithe faoi bhráid na dtuismitheoirí anois nuair a bhíonn athbhreithniú á dhéanamh orthu chun deiseanna a sholáthar dóibh tuairimí agus aighneachtaí a sheoladh isteach.

Achoimre ar na cinntí
• Tá dul chun cinn an-mhaith déanta ag an mbord bainistíochta ó thaobh líon na gcruinnithe gach bliain. Chomhlíon an bord a dhualgas maidir le tuismitheoirí a ghríosadh chun cumann oifigiúil a bhunú. Thuairiscigh an príomhoide go mb'fhearr leo an socrú reatha neamh-fhoirmiúil a choimeád agus tacú le hobair na scoile mar atá déanta acu go dtí seo. • Cé go bhfuil dul chun cinn i bpáirt déanta ag an scoil maidir le teagasc agus foghlaim agus gnóthachtáil na ndaltaí, tá breis oibre le déanamh ina leith.
Moltaí
• Is gá breis forbartha a dhéanamh ar an bhfoghlaim ghníomhach a leathnú agus an dea-obair atá déanta ó thaobh an laghdú béime ar théacsleabhair a fhorbairt a thuilleadh. • B'fhiú breis deiseanna a sholáthar do dhaltaí a dtuairimí a phlé agus a chíoradh chun a n-eispéireas foghlama a fhorbairt a thuilleadh.

CANTANAM NA CÁILÍOCHTA DO CHIGIREACHTAÍ LEANTACHA
Tugann *dul chun cinn an-mhaith* le fios go bhfuil gníomh cuí déanta chun déileáil leis an moladh, agus go bhfuil, nó go mbeidh, an toradh atá de dhíth bainte amach mar thoradh ar an ngníomh.
Tugann *dul chun cinn maith* le fios go bhfuil gníomh cuí déanta chun déileáil leis an moladh, agus go bhfuil feabhsúchán subtaintiúil déanta, cé go bhfuil gá le tuilleadh dul chun cinn.
Tugann *dul chun cinn i bpáirt* le fios go bhfuil cuid de ghníomh cuí déanta chun déileáil leis an moladh, agus go bhfuil cuid d'feabhsúcháin déanta, ach go bhfuil gá le roinnt shuntasach de dhul chun cinn breise.
Tugann *gan dul chun cinn ar bith* le fios nach bhfuil gníómh ar bith déanta agus nach mór déileáil leis an moladh bunaidh.

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Follow-Through Inspection

REPORT

Ainm na scoile/ School name	Reananerree National School
Seoladh na scoile/ School address	Reananeree, Macroom, County Cork
Uimhir rolla / Roll number	14993C

Date of Evaluation: 27-10-2017

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

WHAT IS A FOLLOW-THROUGH INSPECTION?

Follow-through inspections evaluate the progress a school has made on implementing main recommendations made in an earlier inspection rather than the overall educational provision that the school makes. Inspectors also advise the school on strategies and actions to enable them to fully address recommendations.

HOW TO READ THIS REPORT

During this inspection, the inspector evaluated the progress the school has made in implementing recommendations made in an earlier inspection under the following headings:

4. Progress achieved to date
5. Findings
6. Recommendations

Inspectors describe the quality of the progress made in each of these areas using the Inspectorate's follow-through quality continuum which is shown on the final page of this report. The follow-through quality continuum explains the terms used by inspectors when evaluating the school's progress in implementing recommendations. The board of management was given an opportunity to comment in writing on the findings and recommendations of the report; a response was not received from the board.

ORIGINAL INSPECTION DETAILS	FOLLOW-THROUGH INSPECTION DETAILS
Type: WSE-MLL **Date of Inspection: 14-04-2015** **Report Published? Yes**	**Date of Inspection:** 27-10-2017

Follow-through inspection activities

The following activities took place in the course of the follow-through inspection

- Meeting with Principal
- Interview with teachers
- Recording of school documentation and records and pupils' work
- Observation of teaching and learning

Recommendation in original inspection report	Progress achieved to date on implementation of recommendation
It is recommended that the board of management convene the minimum number of meetings and ensure financial accounts are independently certified annually.	**Very good progress** Examination of the board of management's minutes demonstrate that the minimum number of meetings, per annum, are now being convened. The board's accounts were being independently certified at the time of this follow-up inspection.
It is advised that the good practice which was observed during some lessons in relation to active learning be further extended.	**Partial progress** Some progress has been made regarding the extension of active learning throughout the curriculum. Pupils are now given more regular opportunities to work in pairs and in groups and to discuss opinions. Despite partial progress being made, there is scope for further work on investigative work and the use of concrete materials during lessons.
Strategies should be developed to make further progress in relation to pupils' attainment in Irish Language Literacy and to further challenge certain pupils in English and Maths.	**Good progress** Pupils are now being provided with a more enriched challenge in their learning. There is less emphasis on the use of textbooks and workbooks. They are provided with more regular opportunities to engage in talk and discussion. There is scope, however, to use more enriching reading texts and to provide pupils with opportunities to discuss and explain mathematical processes.
It is recommended that parents are encouraged to establish a parent's committee in the school. It is also recommended that they are provided more opportunities to have an input into policy development.	**Partial progress** The principal reported that parents were encouraged to establish a parents' association to support the school. An association has not been established to date. Policies are now brought to the attention of parents when being reviewed to provide them with opportunities to comment and make submissions.

Summary of findings

- The board of management has made very good progress with regard to the number of annual meetings being convened.
  The board has fulfilled its duties towards encouraging parents to establish an official association. The principal reported that parents would prefer to maintain the current informal arrangement in supporting the work of the school as has been done to date.
- Although some progress has been made in relation to teaching and learning and pupils' attainment, more work is required to this regard.

Recommendations

- There is a need to further develop the broadening of active learning and the good work that is done with regard to reducing emphasis on textbooks.
- Students should be afforded more opportunities to express and discuss their opinions to further develop their educational experience.

THE QUALITY CONTINUUM FOR FOLLOW-THROUGH INSPECTIONS
Very good progress indicates that appropriate action has been taken to address the recommendation, and that the action has fully achieved or will achieve the required outcome.
Good progress indicates that appropriate action has been taken to address the recommendation, and that substantial improvement has occurred, although further progress is necessary.
Partial progress indicates that some appropriate action has been taken to address the recommendation, and some improvement has occurred, but considerable further progress is necessary.
No progress indicates that no action has been taken, and that the original recommendation remains to be addressed.